Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

S88/04

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal

Topaicí Sonraithe don Mheasúnacht Doiciméad-bhunaithe sa Stair Ardteistiméireachta, 2006 agus 2007

1. Tugadh isteach siollabas leasaithe sa Stair Ardteistiméireachta i Meán Fómhair 2004. Ní scrúdófar na siollabais reatha sa Stair ná sa Stair Eacnamaíochta Ardteistiméireachta tar éis scrúdú Ardteistiméireachta 2005. Scrúdófar an siollabas leasaithe sa Stair, atá ag teacht in áit na siollabas reatha sa Stair agus sa Stair Eacnamaíochta, den chéad uair i scrúdú na hArdteistiméireachta i 2006.

2. Tá na socruithe measúnachta rianaithe i *An Siollabas don Stair Ardteistiméireachta* leasaithe agus sna *Treoirlínte do Mhúinteoirí* atá ina theannta. Bainfidh dhá chomhpháirt leis an measúnacht ar an nGnáthleibhéal agus ar an Ardleibhéal araon:

   - Tuairisc ar an staidéar taighde, agus 20% de na marcanna ag gabháil leis
   - Scrúdú cheann cúrsa, agus 80% de na marcanna ag gabháil leis.

3. Tugann an siollabas rogha dhá Réimse Staidéir:

   - An Luathaois (Éire, 1494 – 1815 agus an Eoraip agus an domhan mór 1492 –1815)
   - An Nua-aois (Éire, 1815 – 1993 agus an Eoraip agus an Domhan Mór, 1815 – 1992).

4. Ar an Ardleibhéal agus ar an nGnáthleibhéal araon, mairfidh an scrúdú scríofa cheann cúrsa 2 uair an chloig go leith. Bainfidh na ceisteanna le dhá thopaic déag sa rogha Réimse Staidéir: an Luathaois nó an Nua-Aois. Ba chóir d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **thrí cinn** de na topaicí ina rogha Réimse Staidéir chomh maith leis an gceist éigeantach doiciméad-bhunaithe ar thopaic atá ainmnithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

5. **Mar a tugadh le fios san oiliúint inseirbhíse a bhain leis an siollabas nua seo a thabhairt isteach, sonraíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit na topaicí seo a leanas don mheasúnacht doiciméad-bhunaithe don scrúdú sna blianta 2006 agus 2007:**

Réimse Staidéir na Luathaoise
Éire, Topaic 2: Éiri Amach agus concas in Éire Eilís, 1558-1603

NÓ

Réimse Staidéir na Nua-Aoise
Éire, Topaic 2: Gluaiseachtaí don leasú polaitiíochta agus sóisialta, 1870-1914

6. Is féidir teacht ar threoirlíte chun dul i mbun staidéir dhoiciméad-bhunaithe i *Treoirlínte do Mhuinteoirí*

7. Eiseofar ciorlán níos deireanaí sa scoilbhliain 2004-05 a rianóidh na socruithe do chur i láthair agus do mheasúnacht an staidéir thaighde

8. Cuir an ciorclán seo, le do thoil, agus Liosta na dTopaicí Sonraithe don Fhiosrúchán Tíreolaíochta faoi bhráid na múinteoirí Tíreolaíochta Ardteistiméireachta go léir i do scoil.

9. Cuir cóip den chiorclán seo, le do thoil, ar fáil d'ionadaithe cuí thuismitheoirí agus mhúinteoirí lena cur ar aghaidh go dtí tuismitheoirí agus muinteoirí indibhidiúla.

Caitlín Uí Chaomhánaigh
Leasphríomhoifigeach

Nollaig 2004

Telephone: +353-90-6442700 Fax: +353-90-644-2744 Email: info@examinations.ie Web: www.examinations.ie